Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Cnuaschruinniú Dírithe

Tacú le Gach Foghlaimeoir: Cuir Chuige Phraiticiúla do MNCanna Bunscoile





Loga Foghlama Machnamhach

Gníomhaíocht 3, 2, 1

3

Trí Rud...
A dhéanaim chun tacú le foghlaim do chách

2

Dhá Ghné Mo Chleachtais...
Is mian liom forbairt a thuilleadh

1


Focal Amháin...
A chuireann in iúl an chiall atá le Foghlaim do Chách dom

Fiséan: An tSamhail Lundy

Fad a bheidh tú ag feáchaint ar an bhfíseán, breac síos na ceithre chomhpháirt den tSamhail Lundy.



Gníomhú agus Rannpháirtíocht
Staidéir Cháis – An Próiseas Réiteach Fadhbanna



Tom

Is dalta é Tom i Rang a Trí atá ag múinteoir Eoin agus a chuaigh isteach sa scoil ag tús na bliana. Le linn dó a bheith ag caint lena mhúinteoir, is páiste deisbhéalach, croíúil, geabach é. É sin ráite, is annamh a chuireann sé le comhráite sa rang go léir agus tá claonadh aige gan a bheith páirteach sna gníomhaíochtaí i ngrúpaí, agus is minic a ligeann sé do dhaoine eile a bheith i gceannas air. Am spraoi, bíonn sé ar imeall grúpaí seachas a bheith páirteach go hiomlán. Cé nach bhfuil sé scoite amach, is cosúil go bhfuil sé cuibheasach aireach i gcomhthéacsanna sóisialta.

Cad é an t-údar imní?
Tá sé ag gníomhú go maith ó thaobh cúrsaí acadúla de agus ag réiteach le daoine fásta ach níl sé páirteach san fhoghlaim i ngrúpaí nó i gcomhráite ranga agus fanann sé ar an imeall i gcomhthéacsanna sóisialta lena phiaraí.

Cén fáth a bhfuil sé ag tarlú?
Le linn gníomhaíochta, “Dul in Aithne Orm”, roinn Tom go mbaineann sé taitneamh as tarraingt, tráthanna na gceist, ficheall, agus gníomhaíochtaí struchtúrtha leithéid cispheile (guth na ndaltaí). Le linn seiceáil isteach leis an múinteoir, labhair sé ar dhlúthchara dó a bhraith sé uaidh óna scoile roimhe sin (guth na ndaltaí). Tá sé socruithe go maith ó thaobh cúrsaí acadúla de; tá a obair scríofa ar ardchaighdeán, agus léiríonn sé tuiscint mhaith thar ábhair (measúnachtaí). Dar lena thuismitheoirí go dtaitníonn scoil leis ach go gcuireann an rang mór faitíos air agus b’fhearr leis caidrimh duine le duine (guth tuismitheora). De réir tuarascáil óna scoil roimhe sin is duine sóisialta é atá páirteach go gníomhach (taifid scoile).

Aisha

Is duine de na daltaí í Aisha i Rang a Cúig i Seomra an Mhúinteora Róisín. Tá sí díograiseach, an-chumasach i réimse ábhar, agus tá fonn uirthi cur leis an rang. Is minic a ardaíonn sí a lámh agus fógraíonn sí freagraí uaireanta. Le linn obair i ngrúpaí, is minic a ghabhann sí ceannas chuici féin, agus í ag leagan róil ar dhaltaí eile agus ag briseadh isteach chun obair a cheartú nó a athdhéanamh má braitheann sí go bhfuil sé mícheart. Uaireanta éiríonn sí míshocair mar gheall ar bhotúin agus tá a frustrachas léirithe ó bhéal aici nuair a thugann piaraí faoi thascanna ar bhealach éagsúil. Cé go bhfuil meas mór uirthi, tá roinnt páirtithe ranga ag tosú a tharraingt siar, agus tá rannpháirtíocht ag éirí míchothrom.

Cad é an t-údar imní?

As a tiomantas láidir go mbeadh gach rud i gceart agus as a rannpháirtíocht lárnach i ngach gníomhaíocht, táthar ag cur srian ar dheiseanna do dhaltaí eile a bheith rannpháirteach le muinín i gcomhráite agus in obair i ngrúpaí.

Cén fáth a bhfuil sé ag tarlú?

Le linn gníomhaíochta am ciorcail ar mhaithe le guth na ndaltaí ina n-úsáidtear cártaí leide, roinn Aishe gur “maith léi gach rud a bheith i gceart” agus gur dheacair di fanacht (guth na daltaí). Tá a cuid oibre ar fíor-ardchaighdeán (measúnachtaí). Bhí nóta i dtuarascáil scoile na bliana seo caite a thug le fios gur ‘cúis mhórtas di an cruinneas’ (taifid scoile). De réir aiseolas ó phiaraí a bailíodh trí mhachnaimh thapa ní bhíonn daltaí ar a suaimhneas ag roinnt a smaointe nuair a oibríonn siad le Aisha (guth na ndaltaí). Thug múinteoir Brian, an MOS a chómhuineann i rang an Mhúinteora Róisín faoi deara, go raibh éighníomhaíocht ar na piaraí le linn oibre i ngrúpaí (breathnú). Sa bhaile, de réir thuismitheoirí Aisha tá ardchaighdeáin phearsanta aici agus imní uirthi nuair nach mbíonn an obair “díreach mar is ceart” (guth tuismitheora).

Lucas

Tá Lucas i Rang a Dó i Seomra an Uasail Adeyemi. Duine samhlaíoch é agus baineann sé taitneamh as gníomhaíochtaí teagmhálacha leithéidí foirgníochta agus dráma agus is maith atá sé ag gníomhú tús ceacht. Is furasta a théann cúrsaí i bhfeidhm air, áfach, agus gníomhaíonn sé ar shlite éagsúla dá réir sin. Pé am a bhraitheann sé go bhfuil tascanna dúshlánach nó míchothrom, seans go nglaofadh sé amach ar an múinteoir nó ar dhaltaí eile, go bhfágfadh sé a shuíochán, nó go sáfadh sé a ábhair uaidh. Tá a leithéidí sin d’eachtraí ag dul i méid, go mór mór le linn aistrithe agus obair i ngrúpaí. Spreagann sin freagra ó roinnt dá phiaraí anois, rud faoi deara easaontas ag leibhéal íseal, frustrachas guthaithe agus ghuthanna ardaithe ó am go chéile.

Cad é an t-údar imní?

Is deacair do Lucas a fhreagraí a bhainistiú, rud atá ag imirt drochthionchar ar a fhoghlaim agus ina chúis le teannas lena phiaraí atá ag dul i méid.

Cén fáth a bhfuil sé ag tarlú?

Le linn comhdhála múinteoirí is daltaí ina úsaideadh scála mothúchán, rinne Lucas cur síos ar “mothúchán te” nuair a bhíonn an obair “ródheacair nó rófhada” (guth na ndaltaí). I mbreathnóireachtaí de chuid Sandra, cúntóir riachtanas speisialta, tá sé tugtha faoi deara go mbaineann sé tairbhe as deimhniú, struchtúr, agus céimeanna níos lú (breathnú). Tá a gcuid obair scríofa láidir ina tús, ach titeann a chruinneas agus a pheannaireacht de réir mar a théann ceachta ar aghaidh (measúnú). Le linn ama ciorcail agus seiceáil isteach neamhfhoirmeálta, roinn daltaí go mbraitheann siad míshásta, buartha, agus neamhchinnte maidir leis an tslí é a fhreagairt (guth na ndaltaí). Ó thaobh a thuismitheoirí de, duine íogair é a bhaineann anam as an moladh agus an gnáthamh (guth tuismitheoirí).

Timpeallachtaí Foghlama:
Staidéir Cháis – An Próiseas Réiteach Fadhbanna

Rang Príomhshrutha

Seasann rang Naíonáin Mhóra atá ag MNC Lina i líne chun teacht isteach tar éis sosa. Tá fuadar faoin gclós, le roinnt ranganna sa spás teoranta céanna agus seasann rang Lina idir dhá rang eile. Nuair a bhuaileann an clog tagann na leanaí le chéile, ach éiríonn an líne mí-eagraithe agus míchothrom. Coimeádann Zack siar, le cuma neamhchinnte air, agus beireann sé greim daingean ar Lina seachas dul sa líne. Luascann Fiadh a mála scoile, agus buaileann faoi dhaoine eile. Brúnn Rohan chun tosaigh, gan mheas ar spás pearsanta tráth a éiríonn Emma suaite glórach faoin mbruíon. Imíonn **Freya** léi ón líne i dtreo áiteanna níos ciúine an chlóis de dheasca na líne spleodraí. Éiríonn roinnt de na daltaí corraithe agus suaite, agus tógann sé roinnt nóiméad ar an rang a bheith ina seasamh ina líne agus a bheith ullamh dul isteach sa seomra ranga.

Cad é an t-údar imní?

Tá **Freya** ar seachrán nuair a sheasann an rang in a líne mar gheall ar an líne spleodrach, agus í suaite corraithe, rud is ábhar sláinte agus sábháilteachta é. Tá an rang ag streachailt le bheith ina seasamh ina líne ar bhealach stuama eagraithe i ndiaidh an sosa. Is iad spás teoranta agus daltaí sa mhullach ar a chéile atá ina gcúis le bruíon, moill, agus roinnt daltaí a bheith suaite.

Grúpa MOS

Tá an tUasal Daly ag obair le grúpa léitheoireachta beag, ceathrar daltaí as Rang a Trí. Caithfidh an grúpa seasamh ina líne agus siúil go foirgneamh eile le haghaidh a seisiún. Baineann **Milo** taitneamh as oibriú i seomra an Uasail Daly agus roinneann a thuairimí ar leabhair nua agus scéalta le fonn. Is mó is dúshlánach atá na haistrithe sin dó, áfach, agus bogann sé as an líne, buaileann sé faoi dhaoine eile, agus bíonn sé ag iarraidh gluaiseacht chun tosaigh gan mheas ar spás pearsanta nuair a aistríonn siad ó fhoirgneamh go foirgneamh. Tá a iompraíocht ina cúis mhíshásaimh ag Nadia agus Jack, agus tá argóintí ann le linn na n-aistrithe dá dheasca. Iarrann Sophie, a dteastaíonn suaimhneas uaithi, ar chách “bheith ina dtost agus gan a bheith ag bruíon," agus tá sí ag éirí míshásta as bheith sa ghrúpa sin. Is deacair do **Milo**, Jack, agus na daltaí eile bheith ina seasamh ina líne go stuama dá dheasca, rud a athraíonn an t-aistriú, ar cheart dó a bheith socair, ina cúis aighnis agus chur amú ama.

Cad é an t-údar imní?

An deacracht atá ag **Milo** dul sa líne agus meas a bheith aige ar spás pearsanta, tá sé cur isteach ar chumas an ghrúpa gluaiseacht go stuama ó spás amháin go spás eile. Is cúis mhíshásaimh an dúshlán sin i measc na ndaltaí agus cúis aighnis le linn na n-aistrithe agus tá am á chur amú leis.

Rang Speisialta

I rang uathachais MNC Paul, tá beirt chúntóirí riachtanais speisialta ag tacú le seisear daltaí. Tá an rang ag prapáil chun bheith ina seasamh ina líne le haghaidh an bhus a thugann iad go dtí a gceacht snámha seachtainiúil. Tá **Emil** i dtaobh le gnáthamh soiléir, comhsheasmhach agus éiríonn buartha agus disrialáilte pé am a athraíonn ord na líne nó na suíochán, agus pé am a bhíonn air fanacht. Tá deacrachtaí comhordaithe ag Síle agus tá am breise uaithi nuair a théann sí suas na céimeanna bus. Is deacair do Lily fanacht agus is minic a bhogann as áit nó a dhéanann iarracht bheith ina céad duine. Le linn an aistrithe sin, nuair a éiríonn **Emil** disrialáilte, is féidir an grúpa éirí mí-eagraithe. Tá imní ar an bhfoireann faoi shábháilteacht a choimeád fad a bhíonn siad ag tacú leis na riachtanais éagsúla sin.

Cad é an t-údar imní?

Rud dúshlánach neamhréireach is ea an tréimhse a bhíonn siad ina seasamh le haghaidh an bhus, agus tá riachtanais ann le linn an ama maidir le gnáthamh, fanacht, agus tacaíocht fhisiciúil atá ag teacht salach ar a chéile, rud a cruthaíonn ceisteanna sábháilteachta agus a dhéanann rud casta as an aistriú. Tá **Emil** trí chéile dá dheasca, agus tá drochthionchar aige sin ar a chumas dul isteach sa bhus go stuama socair.

Bain úsáid as an spás seo chun roinnt nótaí a bhreacadh maidir leis an staidéar cáis atá léite agat.

Gníomhaíocht 3,2,1

3

Trí Smaoineamh nó Acmhainn...
A bhainfidh mé triail as i mo chomhthéacs nó a rachaidh mé i gcomhairle air tar éis chruinniú an lae inniu

2

Dhá Rud ...
Atá foghlamtha agam faoi thacú le gach foghlaimeoir i mo shuíomh

1


Chéim Phraiticiúil Amháin Eile ...
A mbainfidh mé triail as tar éis filleadh ar scoil dom agus cén fath

Tacaíochtaí Breise



Tabhair cuairt ar
oide.ie/ga/droichead/baile/


Acmhainní:




Oide



Oide




Oide



Oide




Oide



Oide



Oide



Oide